# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 3 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile.
Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil cur síos orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe**. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E, agus a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu **1** – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó **2** – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

In iarthar na hÉireann, roinnt mílte ón bhfarraige agus taobh amuigh de bhaile margaidh, gearrann cosán isteach san fhásra iomarcach agus suas taobh an chnoic. Is beag nach gcronaím é.
Níl comhartha sráide ná marc d'aon chineál ann. Tá fálta arda ar dhá thaobh an lána shingil – scuabann driseacha feadh thaobhanna an chairr is mé ag tiomáint thart. Anseo is ansiúd i mbriseadh san fhásra fiáin tagann páirceanna glasa ris, iad breac le ba donna is bána.

Siúlaimid thar lochanna sléibhe ag leibhéal atá níos ísle ná na caoirigh nua-bhearrtha atá ag teannadh leis na laftáin os ár gcionn. Téimid thar lomáin a bhfuil ainmneacha ar nós Droim Fhiacail na Caillí orthu agus seachnaímid Dréimire an Diabhail agus fuirsimid suas Clais an Bhráthair Ó Sé (a ainmníodh as an manach a maraíodh ag sleamhnú síos a fhána ghéar). Go tobann dorchaíonn an spéir gheal. Tosaíonn an bháisteach ag gleadhradh, ansin stopann sí chomh tapa céanna agus glanann an spéir arís.

Gar don bheann, gobann leaca de chloch ghainimh aníos as an talamh mar a bheadh marcóirí bunaíocha uaigheanna ann. Ciorclaíonn fiach dubh aonair os ár gcionn, ansin marcaíonn sé siar ar theirmeach os cionn an Ghleanna Dhuibh. I 1978 b'in an áit ba dheireanaí in Éirinn ar tugadh an leictreachas agus an tseirbhís ghutháin isteach inti, de dheasca a hiargúltachta.

"*Teach Tábhairne agus Mionéadach*" atá scríofa ar an gcomhartha lasmuigh de theach tábhairne Dick Mack. Laistigh, ar an mballa ar chlé, tá buataisí rubair agus bróga scaipthe ar sheilfeanna; agus cúpla caipín bréidín crochta ar dhuáin. Ar dheis, síneann seanbheár adhmaid feadh an bhalla. Sciobann agus doirteann foireann an bheáir buidéil ar luas lasrach chun freastal ar an scaifte. Tá dhá ionad óil ann atá leathphríobháideach agus a dtugtar na cúinní seascaire orthu, ceann le hais an dorais, ceann eile ag barr an bheáir, iad níos cosúla le boscaí faoistine ná le rud ar bith eile. Tá roinnt lampaí de stíl Tiffany ar crochadh lasnairde. Is éasca comhrá a dhéanamh, os cionn an trup, toisc nach bhfuil an daonnaí is neasa ach cúpla orlach ar shiúl uait.

Tá radharc iontach mór ann i dtreo an Atlantaigh – i dtreo Mheiriceá lastall. Ritheann an bóthar a fhad sin ar na cnoic, gan teach le feiceáil, go gceapaim go bhfuil an bealach contráilte tugtha agam. Ach tiomáinim ar aghaidh toisc easpa áite a bheith ann chun an carr a chasadh timpeall.

Ansin romham, ar chlé, feicim teachín beag buí a bhfuil dhá fhuinneog chearnógacha gearrtha go domhain i mballaí tiubha ann. Ina seasamh ar an tairseach choincréit a bhfuil trí chéim inti agus ag brú amach ar an chéide tá dhá dhosaen duine – seanmhná, fir lúfara, stócaigh óga. Ní fhaca mé aon duine acu roimhe seo. Seo iad mo mhuintir.

Arna chóiriú as *Journeys Home* le Andrew McCarthy, National Geographic Books, 2015.

## Sliocht B

Tá na cearca ag gocarsach go suáilceach ina gclós, iad ag piocadh ar an talamh. Dada neamhghnách ansin, cé is moite de rud amháin.  Tá cró na gcearc suite ar dhíon foirgneamh ceithre stór i lár na cathrach.  Cónaíonn siad ar Fheirm Uirbeach, a bunaíodh chun daoine a spreagadh a mbia féin a fhás in áiteanna beaga.

I gceapacha ardaithe a rinneadh as cláir scafaill, tá cúirséid, pónairí reatha, oinniúin earraigh agus tornapaí ag fás fad atá caora agus silíní ag fás go treis i gcoimeádáin athchúrsáilte. Tá Padraig Ó Cearnaigh ag bailiú dramhaíl orgánach ó bhialanna áitiúla le múirín a dhéanamh agus cuirfear borradh ceart faoi sin nuair a osclófar caife atá pleanáilte thíos staighre.

Istigh san fhoirgneamh tá an tUasal Douglas ag déanamh turgnaimh le huiscephonaic. Córas is ea é seo ina n-úsáidtear dramhaíl na n-iasc mar leasú le haghaidh na bplandaí agus na nglasraí atá os cionn an tanc agus tugtar gearrthacha na bplandaí do na héisc. I measc na nglasraí a fhástar tá cúcamar líomóide, trátaí silíní dubha agus sáiste anainn. Tá súil aige muisiriúin oisrí a fhás ar dhramhaíl caife agus tá sé ag iarraidh fóirdheontas a fháil ó Thionscadail Arthur Guinness chun tacú leis seo.

Rud níos conspóidí ná sin, tá pleananna aige le haghaidh feirm feithidí. “Tá a lán próitéine i bhfeithidí ach is é dearcadh na ndaoine an fhadhb mhór. Tá áiteanna ar domhan ina bhfuil páirt mhór ag feithidí i réim bia na ndaoine dúchasacha,” a deir sé.  Tá pleanáilte aige tosú le criogair agus tá súil aige comhoibriú le beár burgar a bheadh toilteanach burgair criogar a chur ar fáil. “Tá fúinn daoine a chur ag smaoineamh faoi na rudaí seo. Tá feirm mhór feithidí sa Spáinn agus tá an Fhrainc ag cur tús le feirm ollmhór feithidí.”

Ní hiad an Fheirm Uirbeach amháin atá ag obair ag spreagadh daoine chun a mbia féin a fhás. Tá 50,000 ball sa gluaiseacht Fás Féin É (FFÉ). Faoi láthair, tá breis agus 800 biaghrúpa agus tionscadal pobail páirteach sa ghluaiseacht FFÉ. Tá an tUasal Ó Ceallaigh ag lainseáil an ghrúpa sa Bhreatain an deireadh seachtaine seo agus é mar aidhm aige gréasán de bhreis agus milliún ball de FFÉ a bheith ann i bhfiche tír sna cúig bliana atá amach romhainn.

Dúirt sé go raibh go leor fáthanna le tuilleadh daoine a bheith ag fás a mbia féin anois. “Chóir a bheith go bhfuil stoirm fhoirfe againn, mar tá daoine buartha faoi cé as a dtagann a gcuid bia, tá luí ag daoine i gcoitinne le bheith ag ithe go sláintiúil agus tá daoine buartha faoi shlándáil agus faoi inbhuanaitheacht an bhiashlabhra,” a dúirt sé. Ritheann FFÉ a chlár “Cuir agus Fás” i scoileanna agus creideann sé go mbeidh 100,000 páiste aige ag fás a nglasraí féin i scoileanna.

“Ar an gcéad dul síos, is rud beag é páiste a chur ag fás síl i gcupán beag plandála. Ach chun cuidiú leo teacht ar thuiscint ar conas a tháirgtear bia, is é an scéal uile é,” a dúirt sé.

Arna chóiriú as *Dublin rooftop Urban Farm* le Alison Healy, The Irish Times, Iúil 2013.

## Sliocht C

Shiúil Abigail isteach agus dhún sí an doras tosaigh trom ina diaidh. Chas sí an glas uachtarach agus shleamhnaigh an slabhra tiubh práis trasna. Agus í ar a bealach síos an halla go mall, chas sí ann an lampa a bhí ar an tábla fada darach. Bhí babhla gorm ann ina raibh braisle eochracha, pinn, cíor, béaldath agus cúpla líne de thicéid chrannchuir.

In aice leis, bhí grianghraif fhrámaithe den triúr cailíní ina n-éidí scoile a tógadh ag uaireanta éagsúla. Bhí na grianghraif ina seasamh taobh le fráma airgid a bhí níos mó ná iad agus a choinnigh an íomhá dhubh agus bán de Rosemary agus Robert ar lá a bpósta. Lena n-ais bhí Florence, í gléasta i ngúna agus i gcaille na chéad chomaoineach. A Dhia, nach í a bhí cosúil lena máthair.

Sa seomra folctha, phioc sí suas roinnt earraí maisíochta, ansin d'imigh sí trasna an léibhinn cheann staighre agus isteach i seomra a deirféar. D'airigh sé aisteach a bheith istigh anseo ina haonar. Bhí an leaba cóirithe go néata, bhí leathghloine uisce ina shuí ar thábla cois na leapa taobh le catalóg dhathannach síl. Thóg sí an fhallaing sheomra anuas de chúl an dorais agus ansin chuaigh sí anonn chuig an gcófra tarraiceán. Bhí blaincéid liatha gan phatrún ar thaobh amháin de agus ar an taobh eile bhí carn albam de ghrianghraif.

D'oscail sí albam a bhí ar bharr an chairn gan é a phiocadh suas. Bhí grianghraf dubh agus bán ann nár chuimhin léi é a fheiceáil cheana. A máthair agus a hathair ina seasamh ar dhroichead a bhí ann, a lámha lúbtha isteach ina chéile i gcoinne na leoithne a bhí ag séideadh chóta a máthar amach i leataobh. Thiontaigh sí an leathanach.

A hathair ina fhear óg agus é ar tharracóir. Leathanach eile. A tuismitheoirí agus lánúin eile ina suí ar bhlaincéad sna dumhcha. A bhróga agus a stocaí bainte de ag a hathair agus ba chosúil ar an gceathrar acu gur cheap siad go raibh sin an-ghreannmhar. Ba é sin an saol a bhí acu sular tháinig an triúr cailíní ar an bhfód. I ndiaidh di stánadh fada deireanach a dhéanamh, dhún sí an t-albam agus smaoinigh sí ar dhul síos staighre.

Bhí roinnt ceapairí cáise agus picile déanta ag Bríd agus curtha ar phláta aici i lár an tábla. Bhí dhá mhuga fholmha ina suí os coinne a chéile. Bhí an citeal beirithe ach bhí sí ag fanacht le hAntaine sula ndéanfadh sí an tae. Chuaigh sí de sciotán timpeall na cistine mar a bheadh iasc órga i mbabhla, í ag cuimilt mairc de bharr an chuntair, ag stróiceadh suas seanchlúdach litreach, ag filleadh tuáille tae. Sa deireadh chuala sí carr á thiomáint isteach sa chlós. Tharraing sí análacha doimhne.

Arna chóiriú as *Holding* le Graham Norton, Hodder and Stoughton, 2016.

## Sliocht D

Ar an taobh eile den talamh méith a bhí na tailte fliucha, na Calaí mar a thugtaí orthu. Ar éigean a thabharfainn faoi deara iad, fiú amháin agus pointe ard fabhrach agam i gcoinne ghuaillí m'athar. Sna Calaí bhí a lán páirceanna móra de chlaíocha scaoilte, iad crosáilte le haibhneacha beaga agus iad roinnte ar dhornán feirmeacha, ceann mo thuismitheoirí ina measc.

Na haibhneacha, a bhí nasctha go fánóideach le chéile, cuid acu ag lúbarnaíl mar dhóigh de gur ar strae a bhí siad, chuiridís thar a mbruacha san fhómhar agus sa gheimhreadh de ghnáth. Chuirtí tuile uisce os cionn na gCalaí, rud a chothaigh timpeallacht mar ar rathaigh lapairí agus plandaí neamhchoitianta arbh áil leo an t-uisce.

Rinne na Calaí fiántas beag, a bhíodh ina iargúil phearsanta agam taobh istigh de chúpla bliain. An áit ina bhféadainn mé féin a chailliúint agus ina bhféadainn rith saor ó na teorainneacha a mhothaigh mé go minic agus mé timpeall daoine eile. Is ansin a d'fhoghlaim mé faoin dúlra ó mo thaithí féin agus d'fhaighinn sólás san fhoghlaim. Is ansin, cinnte, a sheachnaínn na tascanna a leagadh mo thuismitheoirí amach dom, go háirithe na cinn a bhíodh ag feitheamh liom i gceardlann siúinéireachta m'athar, an áit chéanna a raibh sé do m'iompar ina treo anois.

Doras sciobóil tosaigh a raibh dath dearg nó corcra mílítheach uirthi a bhí ar an gceardlann, a dtugadh sé "an tseid" uirthi, agus bhí sí lán d'adhmad. Ar dtús d'airímis na bolaithe – seanbholadh agus boladh min sáibh – a chuireadh crapadh i mo shrón fiú amháin nuair a bhí taithí agam orthu.

Bhí crios-sábh ina sheasamh os coinne dhoras na ceardlainne, é beagnach chomh hard leis an gceardlann í féin. Rith a lann idir dhá roth spócaí, ceann acu feistithe os cionn an chinn eile ar ghéag thiubh dhubh a shamhlaínn sa deireadh mar chorp lúbtha píotóin. Nuair a shín mé amach mo mhéar chun líne a rianú sa deannach a bhíodh ar an tábla tiubh miotail, tharraing m'athair siar mé. "Ná gabh gar dó sin, riamh ná choíche," a dúirt sé ag cur fainice orm.

Choinnigh mé mo lámha ar mo ghoile ach diaidh ar ndiaidh, le linn a lán cuairteanna, thug sé eolas dom ar stacáin agus ar thrachanna caorach, chomh maith le feacanna spád, pící, rácaí agus speala a bhíodh ag gobadh amach as greillí lataí a bhí tógtha suas go dtí na raftaí. Dá gcuirinn siar mo chloigeann d'fhéadainn na cáblaí leictreacha a fheiceáil, iad ag lúbadh thar na neadacha clabair a bhí déanta ag na fáinleoga, sular chorn siad suas ….

Arna chóiriú as *The Hurley-Maker's Son* le Patrick Deeley, Doubleday Ireland, 2016.

## Sliocht E

Más ag smaoineamh ar thatú a fháil atá tú, nó ag smaoineamh ar chur leis an leathdhosaen nó mar sin atá agat cheana, seans go bhfuil na roghanna atá ar fáil méadaithe go mór ón uair dheireanach a thug tú cuairt ar do shiopa tatúnna.

Tá aithne fhorleathan ar an ealaíontóir H.R. Giger as an Eilvéis mar gheall air gur chruthaigh sé an carachtar a chuirfeadh tromluí ort in "Alien", ach fosta is é ceannródaí na dtatúnna tríthoiseacha é. Chuir a chuid oibre tús le stíl ar a dtugtar tatúnna bithmheicniúla, a bhfuil an tóir atá orthu anois leata amach níos faide ná lucht leanúna an fhicsin eolaíochta.

Tá cliaint ag tabhairt isteach grianghraf as "Coirp: An Taispeántas", taispeántas músaeim atá tíolactha do léiriú an choirp dhaonna. "Rinne mé pictiúr d'íomhánna de mhatáin ar ghualainn duine éigin," a dúirt an tUasal Ó Mathúna. I dtatúnna eile tá seachmall de chraiceann stróicthe ann agus stíleanna atá níos éasca, macasamhail ainmhithe cruthanta nó nithe a bhfuil an chuma orthu gur ag gluaiseacht atá siad.

Tá an tuairim ag go leor le fada an lá gur foirm ealaíne í an tatuáil, ach is annamh a bhíonn leannáin an dúigh in ann comparáid chomh litriúil a dhéanamh agus a dhéanann siad le tatuáil uiscedhatha. Tá an stíl díorthaithe ó mhodh saorfhoirme den tatuáil ar mó an bhaint atá aige leis an eisprisean, leis an ngluaiseacht agus leis an rogha dathanna ná mar atá aige le cumhacht an íomháineachais. Phéinteáil Joey Hamilton féileacán uiscedhatha ar easnacha cliaint le déanaí.

"Tá tú ag iarraidh go mbeidís mar a bheadh rití beaga péinte nó smáil dathanna ann," a dúirt sé. Is beag mionsonra a bhíonn sna tatúnna uiscedhatha a dhéanfadh aithris ar aeistéitic neamhbheacht éasca an phictiúir. Ach is míbhuntáiste é an dóigh nach féidir leo aosú chomh maith leis na tatúnna traidisiúnta. Leatar an dath mar a bheadh sé ina bhrat leachtach, mar sin ós rud go mbíonn níos lú den lí ann is lú a sháithítear an craiceann.

Is iad uasghrádú stíle an tsamhraidh iad na Tatúnna Tobanna nach mairfidh go deo, iad deartha chun breathnú cosúil le bráisléid, muincí agus bling thrá. Tá an-tóir ar na Tatúnna Tobanna ag lucht tonnmharcaíochta agus acu siúd a bhfuil bua an bhoihéamachais acu. Is iad rogha an tslua cheana iad i séasúr féilte ceoil an tsamhraidh, na tatúnna seo atá bunaithe ar sheodra.

Arna chóiriú as *Fresh Ink for the Human Canvas* le Ana J. Calderone, New York Times, Iúil, 2014.

Leathanach Bán

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# EALAÍN

Dearadh

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 3 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, ábhair do cholláis, ábhair do mheáin mheasctha, rialóir, crosbhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** obair ealaíne réamhullmhaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1:** **Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach chomh maith le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2:** **Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid**, iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3:** **An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d’aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach**.

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Ó tharla go bhfuil ár gceantair thuaithe glas, méith agus tarraingteach, ní áirím na boird turasóireachta a bheith fáilteach, ní haon ionadh é, is dócha, gur anseo sa tír seo againne a léiríodh cuid de na scannáin agus de na cláir teilifíse is mó sa domhan, nó ar a laghad cuid bheag éigin díobh. Ciallaíonn na himeallbhoird chreagacha, na seanchaisleáin, na páirceanna glasa spleodracha agus an flúirse de radhairc áille nach féidir a shéanadh gur tírdhreach cineamatach é tírdhreach na hÉireann - tírdhreach a bhfuil scabhtaí láithreach ag baint na sál dá chéile ag iarraidh cuairt a thabhairt air.

Tá seans go bhfuil an tuaisceart álainn, a bhí le feiceáil go minic ar *Game of Thrones*, an seó cáiliúil de chuid HBO agus Sky Atlantic, ar cheann de na láithreacha is cáiliúla atá le feiceáil i léiriú nua-aimseartha. Tá an tsraith ar ais arís an tseachtain seo agus radhairc leitheadacha ann a rinneadh a scannánú i nDoire, in Aontroim, sa Dún, i bhFear Manach agus sna ceantair máguaird. Is fearr aithne ar Chaisleán an Bhardaigh i gCo. an Dúin i measc lucht leanúna *Thrones* mar Winterfell, seanáit chónaithe mhuintir Stark, ach tá  seilbh glactha anois ag muintir ghránna Bolton air. Is ascaill de chrainn feá in Aontroim é an King's Road a théann i dtreo an Night's Watch, agus is ionann Páirc Foraoise an Tulaigh Mhór i gCo. an Dúin agus The Haunted Forest, áit a raibh Wildings ag imeacht thart agus Whitewalkers ag déanamh stalcaireachta ar a gcuid creiche.

Tá borradh faoin turasóireacht i dTuaisceart Éireann mar gheall ar *Games of Thrones* a bheith ann. Tá pacáistí éagsúla eispéiris agus turais tagtha chun cinn agus tá daoine atá tugtha don chlár ag teacht ó chian is ó chóngar chun suíomhanna an tseó is mó a thaitníonn leo a fheiceáil lena súile cinn féin. Ach ní ar an tuaisceart amháin atá tóir ag tionscal na scannánaíochta – tá áiteanna ar fud na tíre a bhfuil eolas orthu mar go gcuireann siad an cúlra ar fáil do chuid de na scéalta is fearr a thagann as Hollywood, agus níl aon áit is mó a bhfuil an clú sin air ná Contae an Chláir.

Nuair a bhí cinneadh le déanamh ag Joe, an té a bhfuil mé geallta leis, agus agam féin maidir le suíomh scannánaíochta a bhfuil an-tóir air chun saoire ghearr a ghlacadh, bhí neart roghanna ar fáil dúinn. D'fhéadfaimis taisteal suas go Co. an Dúin, síos go Sceilg Mhichíl, ó dheas go tránna Loch Garman nó sin, go deimhin, fanacht i mBaile Átha Cliath, ár gcathair dhúchais féin. Ach shocraíomar dul siar, chuig an imeallbhord sin is áille scéimh.

Nuair a bhaineamar Caisleán Dhrom Ólainn amach, bhí sé mar a bheadh cuid de scannán ann; is suíomh drámata é áit dúchais shliocht Bhrian Bóramha. An caisleán faoi mar atá sé faoi láthair, tá sé ansin ó luath sa 19ú haois agus gan dabht ar bith tá sé taitneamhach don tsúil agus tú ag tiomáint suas chuige. Tá an ghalántacht fós le feiceáil nuair a théann tú isteach. Tá cúpla síneadh curtha leis ach is é croílár an chaisleáin an áit a mbíonn na haíonna ag ithe, ag ól agus ag glacadh sosa.

Shocraíomar ar Cho. an Chláir mar gheall ar an líon mór léiriúchán a tharla ansin le leathchéad bliain anuas. Bhí tarraingt ag an-chuid déantóirí scannán ar Aillte an Mhothair agus bhí páirt shuntasach ag na haillte i scannáin mar *Harry Potter and the Half Blood Prince, The Princess Bride* agus *Ryan's Daughter*. Tá ionad breá do chuairteoirí ann anois agus tá na múrtha iarratas ag teacht ó chuideachtaí léirithe chun scannánú a dhéanamh ag na haillte, mar sin coinnigh súil air seo.

Tar éis cuairt a thabhairt ar na hAillte, tháinig an bheirt díograiseoirí ríméadacha scannán ar ais go Drom Ólainn le haghaidh dinnéar galánta agus muid ag mothú mar charachtair as Downton Abbey. Bhí ár rogha féin de ghéim agus de ghlasraí an tséasúir againn don phríomhchúrsa ach ba é an seabhdar bia mara ba mhó a thaitin liom féin. Bhí bradán, cadóg, diúilicíní agus cloicheáin ann agus é sa bhabhla ba ghalánta dár leag mé súil riamh air. Rinne an freastalaí iarracht a chur ina luí orainn gur rug sé féin ar an mbradán san abhainn a ritheann trí thailte an óstáin. Is cuma más fíor nó bréag é sin, ba é an t-anraith ab fhearr a bhlaiseamar le fada é. Chun críoch a chur leis an mbéile, thug sé amach clár cáise. Bhí craicir cheardaí, cáiseanna Éireannacha de gach cineál a raibh gach blas orthu, im lán uachtair agus seatnaí daimsín ar an bpláta iontach seo. Bhí an t-óstán féin agus na gníomhaíochtaí suimiúla thar a bheith oiriúnach do shaoire ghearr agus bhí an bheirt againn ar aon intinn gurbh é an bia i nDrom Ólainn an bia ab fhearr a d'ith ceachtar againn riamh in óstán in Éirinn – ardmholadh go deimhin.

Arna chóiriú as *On the Atlantic Film Trail* le Vicki Notaro, Irish Examiner Weekend, 23/04/2016.

**Sliocht B**

Ba mhinic na hoileánaigh ag tuar go héadóchasach faoina raibh beartaithe ag an Nádúr do Cairnholm. An oíche sin, neartaigh an ghaoth agus an bháisteach a bhí ag lascadh an oileáin ar feadh na seachtaine nó go ndearnadh banda nimhneach stoirmeacha díobh a dhubhaigh an spéir agus a choip an fharraige ina cúr. Idir na ráflaí gur dúnmharaíodh Máirtín agus an aimsir bhí an baile faoi ghlas, díreach mar a bhí áras na leanaí. D'fhan daoine ina gcuid tithe. Dúnadh na comhlaí ar na fuinneoga agus cuireadh boltaí dochta ar na doirse. Bhí báid ag cleatráil in aghaidh a gcuid feistithe san fharraige shuaite ach níor fhág aon cheann acu an caladh; chaithfeá a bheith glan as do mheabhair le do dtabharfá ceann amach ina leithéid de ghála. De bhrí nach bhféadfadh na póilíní ar an mórthír Máirtín a bhailiú nó go gciúnódh an fharraige, fágadh faoi mhuintir an bhaile an cheist thrioblóideach a réiteach – céard a dhéanfaí leis? Faoi dheireadh, socraíodh go gcoinneodh an ceannaí éisc, a raibh an stoc-charn oighir ba mhó ar an oileán aige, é fionnuar ar chúl a shiopa, i measc bradán agus trosc agus nithe eile. Chuir m'athair fainic ghéar orm gan mo theach a fhágáil ach chomh maith leis sin bhí treoir faighte agam Miss Peregrine in áras na leanaí a chur ar an eolas faoi aon imeachtaí aisteacha agus má bhí rud ar bith a d'fhéadfaí a chur sa réimse sin, ba é an bás amhrasach é. Dá bhrí sin, lig mé orm féin an oíche sin go raibh tinneas cosúil leis an bhfliú orm agus chuir mé mé féin faoi ghlas i mo sheomra, agus ansin shleamhnaigh mé amach an fhuinneog agus dhreap mé síos an píobán uisce go dtí an talamh.

Nuair a shroich mé áras na leanaí, d'fhéach Miss Peregrine orm agus bhí a fhios aici ar an bpointe go raibh rud éigin mícheart. "Céard a tharla?" ar sise, a cuid súl dearg ag féachaint ó bhaithis go bonn orm. D'inis mé gach rud di. Thug sí isteach go deifreach sa seomra suí mé áit a raibh na leanaí ar fad a raibh sí in ann teacht orthu bailithe aici. D'inis mé go ciúin dóibh faoi Mháirtín. Ansin d'fhógair Miss Peregrine " go dtí go bhfógrófar a mhalairt, níl cead ag aon duine an teach a fhágáil, fiú chun glasraí a bhailiú nó gé a thabhairt isteach do bhéile an tráthnóna". "Caithfidh mé imeacht, tá m'athair i gcontúirt" arsa mise. " Is é m'athair é. An gceapann tú i ndáiríre go stopfaidh cúpla doras atá faoi ghlas mé ó imeacht?" "B'fhéidir nach stopfaidh. Ach má éilíonn tú an áit seo a fhágáil, ansin éilímse nach bhfillfidh tú choíche."

Bhailigh mé foireann sluaíochta le chéile. Bheadh Emma, Bronwyn agus Enoch in éineacht liom. Bhí sé mar a bheadh éalú as príosún ann. Tar éis an dinnéir, nuair a bhí an teach chomh trína chéile agus a d'fhéadfadh sé a bheith, agus aird Miss Peregrine dírithe go hiomlán ar rudaí eile, d'éalaíomar amach i ndorchadas na hoíche. Bhí an bháisteach ag clagarnach ar gach doras agus fuinneog sa bhaile ach d'fhan gach duine faoi ghlas ina gcuid tithe beaga agus comhlaí na bhfuinneog dúnta acu le linn dúinn a bheith ag rith i ngan fhios trí na sráideanna a raibh an t-uisce ag ardú iontu, thar thíleanna dín a shrac an ghaoth chun bealaigh agus a bhí scaipthe ar fud na háite, thar chaora aonraic a bhí dallta ag an mbáisteach agus í caillte agus ag méileach, chuig siopa an cheannaí éisc. Bhí an doras faoi ghlas ach bhuail Bronwyn dhá chic throma air agus phléasc isteach é.

Bhí mé in ann an t-arracht a chloisteáil ag análú sa dorchadas, sileadh slaodach mar a bheadh píobáin lochtacha ann. Theannamar siar coiscéim amháin, ansin coiscéim eile, nó go raibh ár nguaillí le balla agus muid inár seasamh le chéile mar a bheadh príosúnaigh a bheadh daortha chun báis agus iad os comhair scuaid lámhaigh. "Teastaíonn solas uaim," arsa mise i gcogar le hEmma, a bhí chomh scanraithe sin gur chosúil go raibh a cumhacht féin ligthe i ndearmad aici. Las a cuid lámha agus is ansin i measc na scáileanna luaineacha a chonaic mé é, mo thromluí.

Stad sé ansin, gan ghruaig gan éadach, craiceann breactha a raibh dath liath-dhubh air agus fillteacha scaoilte de ag sileadh óna chreatlach. Bhí lobhadh ag sileadh óna shúile, a chosa lúbtha agus casta agus a chuid lámh cranraithe ina gcrúba gan mhaith – cuma fheoite chaite ar gach ball de mar a bheadh corp fir a bheadh thar a bheith sean – ach ball amháin. Ba iad a ghialla ollmhóra an ghné ba shuntasaí a bhain leis, iniamh bolgach fiacla a bhí chomh fada agus chomh géar le sceana beaga stéige agus nach raibh spás ina bhéal dóibh in aon chor, sa chaoi go raibh a bheola tarraingthe siar de shíor agus meangadh fiánta orthu. Ansin, scaoileadh an glas de na fiacla uafásacha sin, a bhéal ag oscailt de réir a chéile nó gur nochtadh trí theanga scolbánta, gach ceann acu chomh tiubh le mo rosta. Leath siad iad féin feadh leathfhad an tseomra, deich dtroithe nó níos mó, agus d'fhan siad ar crochadh ansin agus iad ag casadh agus ag preabadh. Bhí an t-arracht ag análú go spadánta trí dhá pholl lobhracha ina aghaidh faoi mar a bheadh sé tar éis ár mboladh a fháil agus é ag iarraidh a dhéanamh amach cén chaoi ab fhearr le muid a ithe. É a bheith chomh héasca sin muid a mharú an t-aon chúis amháin nach rabhamar marbh cheana féin; amhail duine ar breá leis a chuid bia agus a bhí ar tí taitneamh a bhaint as béile breá, ní raibh aon ghá le deifir.

Arna chóiriú as *Miss Peregrine's Home for Peculiar Children* le Ransom Riggs, Quirk Books, 2011.

**Sliocht C**

Sin é an bóthar a bhfuilimid inár gcónaí air, bóthar fada díreach bruachbhailteach, tithe leathscoite ina bpéirí ar an dá thaobh, gach teach dhá stór gléasta i sciortaí de bhrící agus i gcairdeagain de steancadh mearóg a bhí díreach mar an gcéanna, gach péire cniotáilte le chéile ag na huamanna le gáitéir dhubha. Tá balla íseal gairdín idir gach dhá theach agus deighleann sé óna chéile dhá ghairdín tosaigh atá díreach mar an gcéanna. Tá locháin bheaga féir i ngach ceann ar scáileanna dá chéile iad agus póca tarmac chun carr an teaghlaigh a pháirceáil air. Tá garáiste agus díon cothrom air mar oiriúint le gach teach ag an uillinn thall, síneadh praiticiúil chun trapanna luch, pairifín agus rudaí briste a stóráil ann, chomh maith le cannaí de phónairí bácáilte agus de bhradán picnice ar fhaitíos go raibh deireadh an domhain ag teacht.

Tá seisear againn sa teaghlach seo againne. M’athair, a bhfuil súile gorma, bróga svaeide agus uaireadóir rosta uiscedhíonach aige. Mo mháthair, a bhfuil béaldath dearg aici agus pianó a seasann sí lena thaobh ag canadh nótaí agus scálaí. Éalaíonn na nótaí as a béal lonrach, mar a bheadh éisc bheaga sáinnithe i mbolgóidí; gluaiseann na nótaí in airde go dtí an tsíleáil íseal agus bíonn siad ar foluain ansin, gan iad cloiste, nó go dtriomaíonn siad agus go dtiteann siad ar an urlár. Tá mo thriúr siblíní, atá i bhfad níos sine ná mé, sa teach freisin. Caitheann siad jíons caola agus éisteann siad le Meghan Trainor.

Phéinteáil mo shiblíní na ballaí taobh istigh den gharáiste le dath líoma-ghlas agus bándearg. Suíonn siad istigh ansin uaireanta ar sheansuíocháin cairr agus ar dhréimire taca briste. Níl cead agamsa a bheith in éineacht leo. Ar aon nós, ní théim isteach sa gharáiste riamh ach chun féachaint ar na trí chrúsca gloine de mheacain bhiatais bheaga ar sheilfeanna an gharáiste. Tá cuma chóisireach ar na meacain bhiatais bheaga faoi shruthshoilsiú an gharáiste, maisiúchán corcra anuas ar mhaisiúchán corcra. Tá siad ina seasamh in aice le bailiúchán uirlisí m’athar; casúir, raicíní, greamairí, scriúirí, rinsí, tóirsí agus bísghreamáin.

Tá póirse foscúil ar gach teach ar an mbóthar seo againne agus doras tosaigh a bhfuil fean spraíúil de ghloine bholgóideach ann agus boschrann atá cosúil le búcla saor, agus cloigín leictreach agus scoiltín, thíos in íochtar, d’fhear an phoist, nach bhfuil a dhroim ag cur as dó fós, chun éilimh chánach a shá tríd.

Taobh amuigh den doras tosaigh lena ghloine bholgóideach agus dath glas na foraoise air, bíonn comharsana ag scuabadh a gcuid póirsí, ag ní carranna tábhachta nó ag siúl go teann suas chuig an siopa nuachtán ag barr an bhóthair chun nuachtán lán dúigh a cheannach. Téann siad isteach sa siopa grósaera chun dornán bananaí agus canna de phiseanna práibeacha a fháil, tugann siad cuairt ar an mbúistéir ard bánghnúiseach ina shiopa fuar bán i gcomhair sé cinn de ghríscíní muiceola, barra a mbróg snasta ag brú na mine sáibh fuilbhreactha atá ag clúdach an urláir. Cuimhníonn siad freisin ar bhualadh isteach sa siopa poitigéara agus canna Alka-Seltzer agus paicéad de mhilseáin eorna a cheannach ón bpoitigéir gruama atá ar dhath an mheacain bhiatais faoina spéaclaí sreangfhráma. Féachann an paicéad milseán an-bheag ar fad ina dhorn ollmhór cógaisíochta nuair a bhrúnn sé trasna bharr adhmaid an chuntair é.

Is é an Satharn an lá is fearr. Tá a fhios ag mo chairde gan bualadh ar an doras agus mé a iarraidh amach ag súgradh ar an Satharn. Téann m’athair agus mé féin isteach i cibé carr atá á thiomáint aige, agus téimid chuig an gcathair nó chuig an gcladach. Nuair a bhímid sa chathair, páirceálaimid i sráideanna nach bhfuil eolas againn orthu, tagaimid amach as an gcarr, téimid trasna cosáin leathana, thar thithe fada arda a bhfuil balcóiní, ráillí agus céimeanna móra cloiche acu. Gluaisimid mar a bheadh olann shíodúil ann isteach agus timpeall agus suas agus ar fud an bhaile mhóir léith seo, ag gluaiseacht ar aghaidh go dtí an gailearaí ollmhór ar an gcearnóg. Nuair a bhímid istigh sleamhnaímid ó sheomra ciúin amháin go dtí seomra ciúin eile, ar urláir shleamhna, ag féachaint ar phictiúir atá ar crochadh ar na ballaí a bhfuil dath glas na foraoise orthu. Féachaimid arís agus arís agus arís eile ar na daoine sna frámaí.

Ansin téimid síos staighre agus déanaimid cáca a ordú sa chaifé dorcha thíos faoin talamh. Tá sú talún ar mo cháca seacláide – coinneoidh mé go dtí an deireadh é.

Arna chóiriú as *Hopscotch, A Memoir* le Hilary Fannin, Penguin Books, 2015.

**Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Cárta cuiridh i gcomhair féile scannán atá bunaithe ar Shliocht A.

(b) Léarscáil den oileán atá bunaithe ar Shliocht B.

(c) Fógrán do chóisir shráide atá bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Íomhá a bhfuil crainn mar bhunús léi agus atá bunaithe ar Shliocht A.

(b) Íomhá a bhfuil an caladh mar bhunús léi agus a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht B.

(c) Íomhá bunaithe ar an gcur síos ar an ngaráiste i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta a úsáideann **trí dhath ar a mhéad**. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**3. Fabraicphriontáil agus Baitíc**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla atá oiriúnach don ionad fáiltithe in Oifig Thurasóireachta bunaithe ar Shliocht A.

(b) Athphatrún d'éadach boird i gcomhair áras na leanaí agus é bunaithe ar Shliocht B.

(c) Athphatrún a bhfuil an teach mar bhunús leis agus a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do stionsalphriontáil. Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**4. Bróidnéireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal bróidnithe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A.

(b) Píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Painéal bróidnithe bunaithe ar thosach an tí a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Ní mór duit sonraí na n-ábhar a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh a thabhairt. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**5. Fíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal fite a bheadh oiriúnach don seomra bia i gCaisleán Dhrom Ólainn bunaithe ar Shliocht A.

(b) Ruga d'áras na leanaí bunaithe ar Shliocht B.

(c) Painéal fite bunaithe ar an turas chun na cathrach atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**6. Criadóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Babhla anraith bunaithe ar Shliocht A.

(b) Painéal rilífe a bheadh oiriúnach do shiopa an cheannaí éisc bunaithe ar Shliocht B.

(c) Árthach maisithe bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí na dteicnící atá le húsáid chun an saothar ceirmeach a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**7. Puipéadóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An freastalaí a luaitear i Sliocht A.

(b) An t-arracht a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) An poitigéir a luaitear i Sliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**8. Leabharcheardaíocht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán maisithe chun earraí cuimhneacháin ó na hionaid a luaitear i Sliocht A a choinneáil ann.

(b) Comhad bosca bunaithe ar an "Nádúr", a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Vallait do dhoiciméid chun earraí cuimhneacháin na hóige a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ba chóir duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clár fógraí ag déanamh fógraíochta ar Bhia Éireannach bunaithe ar Shliocht A.

(b) Lógó d'oileán Cairnholm bunaithe ar Shliocht B.

(c) Póstaer chun scannán dar teideal "Cuimhní" a fhógairt bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Plaic balla a bhfuil ceann de na hionaid mar bhunús leis, agus atá bunaithe ar Shliocht A.

(b) Dealbhóireacht saorsheasaimh a bhfuil an t-oileán mar bhunús léi agus atá bunaithe ar Shliocht B.

(c) Painéal rilífe le cur taobh amuigh de cheann de na siopaí atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicnící a d'úsáidfí chun an saothar a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**11. Seiteanna Stáitse**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stiúideo teilifíse do chlár cócaireachta Éireannach bunaithe ar Shliocht A.

(b) Taispeántas fuinneoige do chluiche bunaithe ar Shliocht B.

(c) Seit stáitse do chur i láthair bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus soilsiú, maisíochtaí agus frapaí. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 3 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** aon **áiseanna amhairc** eile, e.g. grianghraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe, a thabhairt isteach sa scrúdú lena gcóipeáil.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Scríobh **do scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú, agus **an teideal**, ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as grianghraif nó as íomhánna a bhí i gcló, chomh maith le líníocht le peann luaidhe, le peann, le péint nó le hobair cholláise, etc., ní mór íomhánna dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích ar dtús le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin a fhorbairt. Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin**. Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir an dearadh deiridh atá molta agat a thaispeáint agus a dhéanamh ansin. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid, agus iad daite más mian leat**. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: An Cheardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe. Ba chóir tagairt don chiorclán **S17/17** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist a d'fhreagair tú)
- do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach a dhéanann tú, is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

**Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:**

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan comhad bosca **nó** vallait doiciméad le haghaidh **ceann amháin** díobh seo a leanas:
(a) díolaim d'fhilíocht na hArdteistiméireachta
(b) oidis thraidisiúnta as Éirinn
(c) turgnaimh eolaíochta.
Ní mór don leabharcheardaíocht chríochnaithe feidhmiú agus ní mór clúdach agus meicníocht dúnta a bheith uirthi.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: Éagsúlacht páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamacháin agus uirlisí cuí, etc.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar Théacs (a) **nó** ar Théacs (b). Ní mór **ceithre líne ar a laghad** a scríobh as an téacs a roghnaíonn tú. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó cur chuige nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníc chuí ar bith eile a úsáid.

**Téacs (a)**

Solas na gréine ag drithliú ar an lochán crithlonrach,
A dhromchla mar scáthán chomh mín le síoda.
Snáthaidí móra ag damhsa trasna an uisce;
Ag aerghleacaíocht fearacht sorcais san aer.

Uisce ag sileadh ar roth Ferris ar fhaiche an aonaigh,
Ansin ag titim de thapaigean amhail héileacaptar ag saorthitim.
Ag éirí is ag titim, ag scimeáil an uisce go grástúil;
Sciatháin thrédhearcacha bhréidíní, ag bualadh san eitilt.

Ar crithloinnir mar shaifír faoin ngrian sa mhaidin mhoch,
Do mo dhalladh le d'áilleacht gan teorainn.
Uaireanta ar lá samhraidh, ba mhór agam sciatháin;
Ar fheiceáil dom snáthaidí móra ag damhsa, bíonn cluaisíní croí orm.

Arna chóiriú as *Dragonflies Dancing* le Jan Allison May

**Téacs (b)**

Ionsamhlú, Spreagthacht
Gach áit a bhféachaimid,
Triailimid maireachtáil gan é, ach
Faighimid amach go bhfuilimid gafa.

Sílimid gur chóir dúinn dul ag fánaíocht,
Nó siúl síos cois na farraige,
Ach b'fhearr linn fanacht sa bhaile ina ionad
Agus amharc ar an teilifís.

Bíodh súil againn go n-éireoimid tinn tuirseach sula i bhfad,
De bheith ag amharc 'ar an bhfeadán',
Ach b'fhéidir nach bhfuil ann ach gur thóg sé
An t-am seo an giúmar a chur orainn,

Muid féin a chorraí den tholg;
Dul agus an saol thart orainn a fheiceáil,
Agus nuair a dhéanfaimid amhlaidh, tá a fhios agam
An t-iontas, an t-inspreagadh, an t-ionadh atá i ndán dúinn.

Arna chóiriú as *Simulation, Stimulation* le David Ronald Bruce Pekrul

**Ábhair**: dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **an t-uasmhéid A2**; éagsúlacht ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacairt, etc.
Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer do **cheann amháin** díobh seo a leanas:
(a) Aonach Bhia na Mara
(b) Féile Rásaíochta
(c) Turas Rothaíochta
**nó**
Dear agus déan bileog eolais leis an Maireachtáil Orgánach a chur chun cinn.
Níor chóir do do shaothar a bheith níos mó ná A2 ar an toise is mó. Ní mór duit litreoireacht a úsáid i do shaothar críochnaithe. **Ní mór leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. Is ceadmhach úsáid a bhaint as stionsal den aibítir (litreacha indibhidiúla amháin) atá gearrtha agat féin. Ba chóir an stionsal a chur isteach freisin.

**Ábhair**: rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamachán, scuaba, péinteanna, dúigh nó aon mheán eile a thriomaíonn go tapa, etc.
Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 4. Fíodóireacht

Freagair (a) **nó** (b):
(a) Dear agus figh painéal le haghaidh clúdach cúisín, bunaithe ar aibhneacha agus ar thoibreacha uisce
(b) Dear agus figh taipéis bhalla bunaithe ar léarscáileanna bóthar.
Úsáid ábhair agus teicnící éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr maise a chur ar do shaothar.

**Ábhair**: dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) rothaí agus slabhraí
(b) istigh agus amuigh
(c) puzail.
Ba chóir go mbeadh toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad i do phrionta críochnaithe. Is ceadmhach dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad air. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar.

**Ábhair**: píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach bhfuil níos lú ná 15 cm × 20 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
**N.B.** *Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit do bhlo(i)c líonóile/adhmaid (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) agus do chuid rianuithe, a chur isteach freisin.*

## 6. Puipéadóireacht

Dear agus déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) an carachtar is ansa leat as leabhar ainmnithe
(b) blagálaí faisin
(c) Vincent Van Gogh.
Ba chóir go mbeadh an puipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh cabhail do phuipéid níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a dhathú agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe**.

**Ábhair**: fabraic, snáithe, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, etc., bunchruth na miotóige agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair éadroma eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) gaineamh agus farraige
(b) gloine dhaite
(c) damhsa.
Is ceadmhach priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún ar phíosa fabraice bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) geamanna agus seoda
(b) sneachta nó gaoth nó báisteach nó taitneamh na gréine
(c) damháin alla agus líonta.
Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Ba chóir duit aird a thabhairt ar ghluaiseacht, ar shreabhadh agus ar nascacht. Níor chóir go mbeadh do theicstíl lámhphriontáilte chríochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhair stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) saol an locháin
(b) saol an tsorcais
(c) saol na feirme.
**Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad le linn an phróisis**. Níor chóir lámhphéinteáil a dhéanamh ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) painéal rilífe oiriúnach don bhealach isteach go dtí ionad athchúrsála
(b) dealbhóireacht cheirmeach a cheiliúrann pobal
(c) soitheach ceirmeach bunaithe ar phictiúr Osréalaíoch.
**Ní mór duit do shaothar a bhácáil** agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha, e.g. sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníc (roth- nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) píosa inchaite a bhfuil an ghrian agus na réalta mar inspreagadh aige
(b) painéal le haghaidh mála bunaithe ar phictiúr Pointíleach
(c) taipéis bhalla bunaithe ar chluiche cláir.
Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe agus/nó greamanna meaisín) agus teicnící éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc.
An tUasmhéid: 50 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: ábhair éagsúla ar a n-áirítear nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid / Snoíodóireacht

Dear agus déan saothar saorsheasaimh **nó** plaic bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo:
(a) ainmhithe clóis
(b) ailtireacht an domhain
(c) d'áit.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, bailchríocha cuí, uirlisí agus trealamh snoíodóireachta.

## 13. Miotalóireacht / Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) dealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar chnónna agus ar bholtaí
(b) trófaí mar dhuais do "Mac Léinn Ealaíne na Bliana"
(c) píosa de sheodra inchaite bunaithe ar fheithidí.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: ábhair chruanta, miotail do theicnící tógála, uirlisí oiriúnacha.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe, bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) sláinte mhaith
(b) súgradh
(c) spórt.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt isteach sa scrúdú leat. **Ní mór an saothar múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Níor chóir do shaothar a bhácáil ná a ghlónrú**.

**Ábhair**: is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicnící múnlóireachta.

Leathanach Bán

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017**

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín.

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 3 Aibreán**

### Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa. Má tá gruaig fhada ar an gcuspa, ní mór í a cheangal siar le linn an dá staidiúir.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **leabhar sceitseála de mhéid A4**
- **cás peann luaidhe**
- **cathaoir**.

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta.
Tá cead ag na hiarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

# Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht den chuspa a dhéanamh mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú leathfhíor a dhéanamh, ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus na huillinneacha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (ón tosach nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir díobh.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú**.

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa scartha ó chéile beagán
- an chos dheas chun tosaigh beagán, meáchan an choirp anuas ar an gcos chlé
- géag na láimhe clé díreach, an lámh chlé druidte ina dorn agus í ina luí i gcoinne thaobh na láimhe clé den cholainn
- géag na láimhe deise lúbtha agus an leabhar sceitseála faoin ghéag, an lámh dheas ag coinneáil an leabhair sceitseála i gcoinne thaobh na láimhe deise den cholainn, gan ach an ordóg agus droim na láimhe le feiceáil
- an cloigeann ag féachaint díreach ar aghaidh.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus**

- na cosa go daingean ar an talamh
- an lámh dheas ar an gceathrú dheas
- cás peann luaidhe sa lámh dheas agus an cás oscailte
- an lámh chlé ag síneadh isteach sa chás peann luaidhe
- an cloigeann ag féachaint ar chlé.

Leathanach Bán

2017. M70T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 15 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is sampla é **Brú na Bóinne**, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, de shéadchomhartha réamh-Chríostaí.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí leis?
(b) Déan cur síos agus plé ar shuíomh Bhrú na Bóinne agus mínigh cén fáth ar tógadh ar an láthair sin é.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar an maisiúchán ar **cheann** de phríomhghnéithe an séadchomhartha.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Tá "**Cros Charn Domhnach**", Co. Dhún na nGall, ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí léi?
(b) Déan cur síos agus plé ar an dóigh a ndearnadh an chros agus bíodh tagairt agat dá struchtúr agus dá cruth.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar an tsnoíodóireacht ar an chros.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Tá "**Leabhar Cheanannais**" ar cheann de na seoda ealaíne is cáiliúla in Éirinn.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí leis?
(b) Déan cur síos agus plé ar na hábhair agus ar na teicnící a úsáideadh chun Leabhar Cheanannais a dhéanamh.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar an maisiú i Leabhar Cheanannais.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Roghnaigh foirgneamh Seoirseach **amháin** a ndearna tú staidéar air agus freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an foirgneamh agus a ailtire(í).
(b) Déan cur síos agus plé ar an bhfoirgneamh a roghnaigh tú agus bíodh tagairt agat don suíomh agus don struchtúr.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar ghné mhaisiúil inmheánach **amháin** den fhoirgneamh a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá cáil ar Paul Henry (1876-1958) mar gheall ar a íomhánna de thírdhreach na hÉireann.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh saothar **amháin** le Paul Henry a bhfuil staidéar déanta agat air.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicnící agus úsáid datha(nna).

(c) Cén fáth, dar leat, ar roghnaigh Paul Henry pictiúir den tírdhreach a phéinteáil d' Iarthar na hÉireann?

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá "**Long an Bháis**" le John Behan (r. 1938) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an dealbhóireacht seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh
- foirm agus cruth
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Cad is ábhar don dealbhóireacht? Luaigh fáthanna le do fhreagra.

(c) Ainmnigh píosa **amháin** eile de dealbhóireacht phoiblí na hÉireann a bhfuil staidéar déanta agat air, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- James Arthur O'Connor (1792-1841)
- Jack B. Yeats (1871-1957)
- Mary Swanzy (1882-1978)
- Oisín Kelly (1915-1981)
- Gerard Dillon (1916-1971)
- Robert Ballagh (r.1943)
- Alice Maher (r.1956).

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- teicnící agus úsáid ábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Tá **Ard-Eaglais Rheims** ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an ardeaglais seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- an taobh amuigh
- an taobh istigh
- dealbhóireacht Ghotach.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar fhuinneoga daite Gotacha.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá "**Diptic Wilton**" (c.1395-1399) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- leagan amach
- teicnící péintéireachta agus úsáid datha(nna).

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar fheidhm an tsaothair seo **agus** ar an gcaoi ar tógadh an saothar seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Tá "**Maighdean na gCarraigeacha**" le Leonardo da Vinci (1452-1519) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh agus leagan amach
- solas agus úsáid datha(nna).

(b) Ainmnigh saothar **amháin** le healaíontóir eile de chuid an Ard-Renaissance agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Tá "**Eacstais Naomh Treasa**" le Gian Lorenzo Bernini (1598-1680) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- teicnící agus úsáid bunábhar
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar an stíl Bharócach.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá "**Damhsa ag Le Moulin de la Galette**" le Pierre-Auguste Renoir (1841-1919) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- teicnící agus úsáid datha(nna).

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar an Impriseanachas.

*Léirigh do fhreagra*.

**13.** Roghnaigh saothar **amháin** le Pablo Picasso (1881-1973) a ndearna tú staidéar air.

Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- foirm/comhdhéanamh
- teicnící agus úsáid datha(nna).

(b) Tabhair cuntas achomair ar shaothar Pablo Picasso i rith a shaoil.

*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Roghnaigh **ceann amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):

- "**Breith Véineas**" le Sandro Botticelli (c. 1445-1510)
- "**Faire na hOíche"** le Rembrandt van Rijn (1606-1669)
- "**An Tríú Lá de Bhealtaine 1808**" le Francisco de Goya (1746-1828)
- "**The Fighting Temeraire**" le J.M.W. Turner (1775-1851)
- "**An Oíche Réaltógach**" le Vincent van Gogh (1853-1890).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl agus úsáid datha(nna)/solais.

(b) Tabhair tuilleadh eolais faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra*.

# Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar fhógra teilifíse/ar fhógra ar líne a bhí éifeachtach ó thaobh amhairc de, dar leat. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

- an príomhsmaoineamh ar baineadh leas as chun an táirge/an tseirbhís a chur chun cinn
- an spriocmhargadh
- na teicnící amhairc a úsáideadh.

(b) Mol smaoineamh d'fhógra teilifíse/d'fhógra ar líne le haghaidh aonach saoire **nó** taispeántas ceardaíochta. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí, músaem **nó** ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air. Déan cur síos agus plé mion ar an dóigh ar cuireadh **dhá** dhéantúsán ar taispeáint ann.

(b) Mol **trí** bhealach a bhféadfadh gailearaithe, músaeim agus ionaid léirmhíniúcháin taispeántais a dhéanamh níos spéisiúla do mhic léinn agus do dhaoine óga. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar aghaidh an tsiopa ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- éifeacht ó thaobh amhairc de
- úsáid datha(nna)
- litreoireacht.

(b) Mol dearadh do chlúdach biachláir chun 'itheachán sláintiúil' a chur chun cinn i siopa caife. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is féidir le healaíontóirí beocht nua a chur i spásanna folmha a bhfuil neamart déanta iontu.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an múrmhaisiú ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- íomhánna
- leagan amach
- dath(anna).

(b) Mol dearadh do mhúrmhaisiú le foirgneamh i do cheantarsa a bhfuil neamart déanta ann a mhaisiú. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra*

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an dealbhóireacht phoiblí **atá léirithe ar an mbileog leis seo** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- suíomh agus méid
- foirm agus cruth
- dath(anna) agus dromchla.

(b) Mol dearadh do dhealbhóireacht atá le cur ag an mbealach isteach i bpáirc bhaile **nó** i bpáirc foraoise. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is cuidiú é éide chun daoine in eagraíocht a aithint.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar éide ionad oibre a cheapann tú a bheith dea-dheartha faoi na ceannteidil seo a leanas:

- úsáid fabraice
- úsáid datha(nna)
- mionsonraí speisialta.

(b) Mol dearadh d'éide nua do do scoil **nó** do d'fhoireann spóirt áitiúil. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpóstaer **atá léirithe ar an mbileog leis seo** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- leagan amach
- íomhánna
- úsáid datha(nna).

(b) Mol dearadh faoi choinne cárta gnó chun ionad tatúnna **nó** sciamhlann a fhógairt. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán